

Snáithe: Éisteacht agus freagairt

Rang: 5/6

Cuspóir:

- Foghlaim faoi chineálacha amhrán éagsúla ó Éirinn
- A bheith in ann éisteacht le, agus freagairt do, na gnéithe seo d'amhrán: mothúchán, luas, dinimic, uirlisí ceoil, fonn agus struchtúr.
- A bheith in ann amhrán traidisiúnta a bhfuil baint aige le do chontae féin a chanadh

Áiseanna:

CD le Boolavogue nó amhrán oiriúnach eile ó do chontae féin.

Cóip de licirí an amhráin

BILEOGA OIBRE 9A AGUS 9B.

Réamhrá:

Mínigh na cineálacha éagsúla amhrán do na daltaí: amhrán grá, caoineadh (amhrán brónach ag caoineadh duine a fuair bás), amhrán tírghrá (amhrán faoi Éirinn), amhrán saothair (amhrán a chanadh daoine agus iad ag obair) agus suantraí (amhrán bog séimh chun leanbh a chur ina choladh). Pléigh leis na daltaí cén mothúchán, luas agus dinimic a bheadh ag na hamhráin seo, agus lig dóibh a smaointe a líonadh isteach i **mBILEOG OIBRE 9A.**

Forbairt:

Seinn *Boolavogue*. Pléigh leis na daltaí cén cineál bailéid atá ann. Pléigh mothúchán an bhailéid, agus aimsigh focail san bhailéad a thaispeánann an mothúchán seo: m.sh *fight or die, cowardly yoemen, mighty wave*. Spreag na daltaí chun an bailéad a fhoghlaim. Scríobh na focail mothúchán, luas, dinimic, guth, uirlisí ceoil agus cruth an fhoinn ar an gclár dubh. (Is féidir nodaireacht ghrafach - líne a leanann an fonn ag ardú agus ag ísliú - a úsáid chun cruth an fhoinn a mhíniú do pháistí). Éist leis an amhrán arís, pléigh na gnéithe éagsúla agus scríobh focail oiriúnacha faoi na teidil ar an gclár dubh.

Forbairt bhreise:

Éist leis an amhrán *The Irish Rover* nó bailéad eile, ceann a bhfuil baint aige le do chontae féin más féidir. Bain úsáid as an bpróiseas céanna chun anailís a dhéanamh ar ghnéithe an amhráin (**BILEOG OIBRE 9B**) agus pléigh leis an rang cén saghas daoine a bhí ag taisteal ar an long. An ndéanann na focail agus an ceol íomhá soiléir dúinn de na daoine seo. An bhfuil aithne acu ar imreoirí CLG áitiúla, nó daoine eile a bhfuil baint acu leis an CLG, ar mhaith leo amhrán a chumadh fúthu? Pléigh cén luas, dinimic, rithim, mothúchán agus arailé a bheadh san amhrán. Cén uirlisí ceoil a bheadh acu mar thionlacan? An bhfuil aon amhránaí cáiliúil Éireannach a bheadh go maith chun an t-amhrán a chanadh?

Gníomhaíocht Leantach: Cumadóireacht agus léiriú - rithim agus cuisle

Liostaigh na logainmneacha ar fad atá luaite i mBoolavogue agus The Irish Rover. Buail do bhosa chun an buille de gach ceann díobh a aimsiú: m.sh: BOOLAVOGUE? Tí Tí Ta. WESTMEATH? Ta Ta.

Déan rithim leanúnach le ceithre bhuille le druma nó cnaguirlis eile, agus abair na logainmneacha ar fad in am leis an mbuille. Iarr ar na páistí logainmneacha óna gcontae féin a chur leis an bpíosa ceoil. Forbairt bhreise: iarr orthu anailís a dhéanamh ar na buillí in ainmneacha na n-imreoirí CLG is fearr leo, agus iad a chur leis an liosta freisin.



Léiriú - nodaireacht

Aimsigh cóip den cheol do Boolavogue, The Irish Rover nó bailéad oiriúnach eile. Iarr ar na daltaí na chéad nótaí nó na nótaí deireanacha i mbarraí éagsúla. D'fhéadfadh siad na cineálacha rithimí agus sosanna atá sa cheoil, agus an raon nótaí ón nóta is airde go dtí an nóta is ísle. Más féidir, spreag na páistí chun an t-amhrán a sheinm ar uirlisí ceoil.

Snáithe: Cumadóireacht - tobchumadh agus cruthú

Rang: 5/6

Cuspóir:

- Rap rithimiúil a chumadh mar gheall ar an CLG
- Struchtúr (comhdhéanamh) a dhearadh don rap, le véarsa agus curfá
- An rap a léiriú le tionlacan simplí



Áiseanna:

Véarsa atá réamhchumtha, cnaguirlisí, téip thaifeadán/uirlis thaifeadta eile.

Réamhrá:

Pléigh foirne CLG an chontae. Roghnaigh foireann amháin agus liostaigh na himreoirí a bhfuil uirthi. Pléigh comhdhéanamh rap - véarsaí agus curfá. Cum curfá mar gheall ar an bhfoireann CLG le chéile. Ba cheart go mbeadh ceithre líne sa churfá, agus aithris ar dhá líne, b'fhéidir. Is fearr abairtí gearra rithimiúla a úsáid. m.sh.

Ciarraí, Ciarraí
An fhoireann is fearr
Ó sea, tá siad go hiontach
Ciarraí, Ciarraí,
Tá siad thar barr.

Spreag an rang chun an curfá seo a rá i stíl rap, ach coinnigh rithim socair le ceithre bhuille. Pléigh leis an rang cé na cnaguirlisí is fearr chun tionlacan a chur leis an gcurfá. (Is iad an tambóirín agus an druma na cinn is láidre de ghnáth.) Socraíonn na páistí cén uair a seinnfear na cnaguirlisí éagsúla sa churfá, cén focail ar a mbuailfear an tambóirín, etc? Is fearr éisteacht leis na smaointe ar fad, triail a bhaint as smaointe éagsúla agus an ceann is fearr a roghnú le chéile. Léirigh an curfá mar rap, le tionlacan ó na cnaguirlisí.

Forbairt:

Spreag na daltaí chun véarsaí a chumadh, véarsaí faoi imreoirí CLG faoi leith b'fhéidir. Ba cheart go mbeadh ceithre líne i ngach véarsa, agus rím ann. Éist leis na véarsaí ar fad, agus roghnaigh an cúig véarsa is fearr le chéile. Roinn an rang i gcúig ghrúpa, agus tabhair véarsa amháin do gach grúpa. Iarr ar gach grúpa aithris a dhéanamh ar an véarsa go ciúin cúpla uair chun é a fhoghlaim. Agus iad ag cleachtadh mar seo, dáil ceithre chnaguirlis le fuaim éagsúil ar gach grúpa. Tabhair seans do na grúpaí triail a bhaint as na cnaguirlisí agus tionlacan a chumadh don véarsa. Is féidir leis an ghníomhaíocht seo a bheith an-ghlórach, mar sin is fearr aon rialacha atá agaibh maidir leis na cnaguirlisí a sheinm sa rang a chur i gcuimhne do na daltaí ar dtús. Cabhraigh leis na grúpaí mar is gá. Tar éis tamaill iarr ar gach grúpa an véarsa atá acu a léiriú don rang le tionlacan ó na cnaguirlisí.



Measúnú:

An bhfuil gach páiste sa ghrúpa páirteach sa cheol?

An bhfuil siad ar fad ag coimeád rithime?

An bhfuil siad ag éisteacht lena chéile agus ag comhoibriú lena chéile?

Críoch:

Cuir an rap ar fad le chéile mar seo - curfá, véarsa, curfá, véarsa etc, agus críochnaigh le curfá.

Socraigh ar bhealach maith suimiúil chun an rap a chríochnú - fead ard mar a bheadh ag deireadh cluiche; buille láidir de chiombail, gach duine ag glaach amach ainm an chontae mar shampla. Déan taifead den rap agus éist leis. Pléigh cé chomh éifeachtach a raibh na cnaguirlisí mar thionlacan don rap. Bain úsáid as an bhfocal 'uigeacht' nuair a bhíonn sibh ag plé na teaglamaí fuaimneanna - conas mar a fheidhmíonn fuaim na n-uirlisí éagsúla le chéile.

**Léiriú Leantach**

Léirigh an rap do ranganna eile nó ag tionól scoile. Tabhair cuireadh don fhoireann a bhfuil cur síos orthu sa rap teacht chuig an scoil chun labhairt leis an rang, agus léirigh an rap dóibh.

Snáithe: Cumadóireacht agus léiriú le rithim agus cuisle

Tosaigh rithim socair le ceithre bhuille, agus iarr ar an rang tú a leanúint. Is féidir libh an rithim a choinneáil le focail, bualadh bos, greadadh cos, méara, etc.

Comhair: 1 2 3 4 1 2 3 4

Cuir béim ar bhúillí a 1 agus a 3. Tarraing greille cosúil leis an ngreille ar **BHILEOG OIBRE 9C** ar an gclár dubh. Mínigh don rang go seasann spota do gach buille a bhuaileann siad. Mar shampla, más mian le dalta/grúpa buillí 2 agus 4 a bhuaileadh, cuireann siad spota sna boscaí sin. Más mian leo buillí níos tapúla a bhuaileadh, cuireann siad dhá spota sa bhosca - a sheasann do chamáin (quavers). Déan cinnte de go gcoimeádann na daltaí an chuisle, agus na camáin á mbuaileadh acu. Roinn an rang i ngrúpaí agus buail amach an patrún sa ghreille ceithre uair gan stopadh. Coinnigh rithim socair an t-am ar fad. Déan cinnte de go dtuigeann gach duine/grúpa cad atá le buaileadh acu, agus cén uair. Déan iarracht an patrún sa ghreille a sheinm ag baint úsáide as rudaí a bhaineann leis an CLG - camán (iománaíochta) a bhuaileadh le buailteoir éigin, liathróid a phreabadh nó fuaimneanna gearra ó fheadóg. Spreag na daltaí chun a bpatrúin féin a chumadh leis na huirlisí seo, agus iarr ar an rang/grúpaí iad a sheinm. **BILEOG OIBRE 9C.**

Snáithe: Cumadóireacht agus tobchumadh le nodaireacht ghrafach

Cum píosa ceoil bunaithe ar chluiche iománaíochta le nodaireacht ghrafach. **BILEOG OIBRE 9D.**

Liostaigh na fuaimneanna ar fad a chloistear ag cluiche iománaíochta ar an gclár dubh. Pléigh an luas a bhaineann le cluich. An athraíonn sé? Cad é a chéad rud a chloiseann tú ag cluiche (fead). Cad é an rud deireanach? (Gártha molta). Cad iad na fuaimneanna a bhíonn le cloisteáil ag leath ama? Cad iad na fuaimneanna glóracha / ciúine a bhíonn le cloisteáil? Roghnaigh siombail ghrafacha éagsúla chun na fuaimneanna a léiriú. (Is fearr siombail a bhfuil ciall éigin leo a roghnú). Más mian leat feadanna gearra is féidir sraith chiorcal a úsáid, nó d'fhéadfadh líne thiubh fuaim fhada a léiriú, agus d'fhéadfadh réalta an fhuaim de chamáin ag buaileadh le chéile a léiriú. Pléigh leis an rang cén uair a chloiseann siad na fuaimneanna éagsúla agus líon isteach sa bhileog oibre iad. Má bhíonn fuaim amháin ag teacht isteach i ndiaidh fuaimne eile, ba chóir a iad a chur in ord ar an leathanach.

Ceisteanna chun cabhrú leis na daltaí agus iad ag cumadh ceoil:

An athraíonn luas an cheoil i rith an pháis. An bhfuil aon dá fhuaim ag tarlú le chéile? Cé na fuaimneanna a bhíonn le cloisteáil go leanúnach, nó go rialta i rith an chluiche? An bhfuil níos mó ná uirlis cheoil amháin ag teastáil chun fuaim ar bith a léiriú? Conas a thosóidh / a chríochnóidh an píosa?

Roghnaigh grúpa chun píosaí ceoil atá cuimhne ag an rang a léiriú, déan taifead díobh agus déan measúnú orthu.

